Cothú Scil na héisteachta agus Cluastuiscint na hArdteistiméireachta



Cothú
Scil na hÉisteachta agus
Cluastuiscint na
hArdteistiméireachta

## Aidhmeanna na ceardlainne

Go mbeidh tuiscint níos fearr agat ar:

- thábhacht scil na héisteachta i bhforbairt scileanna teanga eile agus sa phróiseas sealbhaithe teanga.
- na gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt scil na héisteachta.
- Cluastuiscint na hArdteistiméireachta

## An Éisteacht


Tá ról lárnach ag an éisteacht in úsáid teanga.

Úsáidtear an éisteacht dhá uair níos minice ná an labhairt.(Rivers 1981)


Úsáidtear an éisteacht ceithre huaire níos minice ná an scríbhneoireacht nó an léitheoireacht. (Wolvin & Coakley 1991)

Déantar faillí go minic i bhforbairt scil na héisteachta

## Sealbhú Teanga: An Próiseas Foghlama




## Sealbhú Teanga: An Próiseas Foghlama



## Conas a chothaíonn tú scil na héisteachta i do rang ?

Cad iad na dúshláin a bhaineann le forbairt scil na héisteachta?

## Cad ar chuala sibh ar maidin?

## Comhathú na scileanna

Éisteacht agus Tuiscint

An féidir libh foclóir oiriúnach a shamhlú?

## Tionchair ar phróiseas na héisteachta

An tÉisteoir

An Cainteoir

Ábhar

Ionchur físeach

## Gnéithe le cur san áireamh …

Ba chóir:

aidhm chinnte a bheith ag an tasc éisteachta.

don éisteacht a bheith ábharthach/réalaíoch.

foinsí dílse a úsáid.

deis a chur ar fáil an topaic/ábhar a phlé roimh ré.

straitéisí éisteachta a fhorbairt.

aidhm teagaisc seachas tastála a bheith ag an tasc.

don tasc feabhas a chur ar an éisteacht.

## Gnéithe le cur san áireamh …

**Ní** scil thánaisteach í an éisteacht.

**Ní** chaithfidh na foghlaimeoirí gach focal a thuiscint

**Ní** scrúdú cuimhne é.

**Ní** chóir an téacs scríofa a thabhairt – ag brath ar an tasc.



## Níl cothú scil na héisteachta teoranta do thaifead

Moltar an Ghaeilge a úsáid sa rang Gaeilge an oiread agus is féidir.

Tabhair treoracha ranga trí Ghaeilge

Tabhair deis do na scoláirí díriú isteach ar chanúint an mhúinteora roimh thaifead a úsáid

Bain leas as deachtú chun tuiscint an scoláire a mheas

Iarr ar na scoláirí pictiúir a tharraingt den rud a chloiseann siad


Spreag na scoláirí ceisteanna a chumadh

Dírigh isteach ar na canúintí (http://www.abair.tcd.ie/)

## Treoirlínte ginearálta

- Bíodh an mhír éisteachta gearr.
- Tabhair an tasc roimh an éisteacht.
- Seinn an mhír éisteachta neart uaireanta.
- Lig do na foghlaimeoirí a gcuid freagraí a phlé.
- Freagraí céimnithe a fháil (buneolas - eolas domhain)
- Ba chóir don tasc a bheith indéanta.
- Cuir an tasc agus ní an mhír éisteachta in oiriúint.

## Cur chuige don éisteacht



## Cur chuige don éisteacht

Réamh - éisteacht → Le linn éisteachta → Iar-éisteacht

## Réamh-éisteacht

Aidhm - suim an fhoghlaimeora a mhúscailt.
Plé a dhéanamh ar an ábhar.
Nasc le réamheolas/foclóir/nathanna….
Tuar a dhéanamh faoi ábhar na míre, leagan amach, struchtúr.
Tobsmaointeoireacht.

## Tasc réamh-éisteachta

Cad é ábhar an phíosa éisteachta seo?

- Conradh na Gaeilge
- Gaeltacht
- Údarás na Gaeltachta
- Táille

## Le linn éisteachta

Lig do na foghlaimeoirí teacht ar mhórbhrí na míre ar dtús.

Ná cuir ceisteanna ag lorg mionsonraí tar éis na chéad éisteachta.

Iarr ar na foghlaimeoirí buille faoi thuairim a thabhairt tar éis na chéad éisteachta.

Lig dóibh i mbeirteanna an t-eolas a bhailigh siad a roinnt ar a chéile.

## Le linn éisteachta (ar lean)

Faigh aiseolas ó na foghlaimeoirí agus scríobh an t-eolas ceart agus mícheart ar an gclár bán.(Tabharfaidh sé fócas don dara héisteacht).

Seinn an mhír roinnt uaireanta chun ligean dóibh an mhórbhrí a fháil.

Dírigh na ceisteanna ar na codanna atá indéanta ag na foghlaimeoirí.

## Le linn éisteachta (ar lean)

**Dian-éisteacht**

Úsáidtear dian-éisteacht le gnéithe áirithe den téacs.

Ní dhéantar dian-éisteacht go dtí go mbíonn mórbhrí na míre ag na foghlaimeoirí.

Is féidir díriú ar ghnéithe sonracha sa dian-éisteacht.

## Iar-éisteacht

Ba chóir gníomhaíochtaí iar-éisteachta a bheith ann chun tógáil ar an obair éisteachta agus a bhfuil foghlamtha a threisiú.

Cuidíonn na gníomhaíochtaí seo le hathchúrsáil foclóra/nathanna/struchtúr…

## Gníomhaíocht 1


Táimid chun féachaint ar ghiota nuachta faoi chúrsaí aimsire in Éirinn.

Anois i mbeirteanna an féidir libh pé eolas atá agaibh faoi na stoirmeacha a bhí ann **anuraidh** a phlé – Cad a chuala sibh fúthu?-Ar chuir siad isteach ort go pearsanta? An ndearnadh aon damáiste sa cheantar?

## Tasc réamh-éisteachta

Cad é ábhar an phíosa éisteachta seo?

- Cumhacht
- Stoirm
- Athrú aeráide
- damáiste



## Comhtháthú

Sraith pictiúr agus an Chluastuiscint



Tá na sraith pictiúr déanta i bhfoirm físeán ar www.tuairisc.ie Cén fáth nach n-úsáidfimid seo mar Chleachtadh chluastuisceana?

## An Chluastuiscint



## Scrúdú Cluastuisceana na hArdteistiméireachta Marcanna

| | | |
|---|---|---|
| Leibhéal | Marc | % den mharc iomlán |
| Ardleibhéal | 60m(-0-3 Cumas) | 10 |
| Gnáthleibhéal | 60m | 10 |
| Bonnleibhéal | 120m | 20 |

## Cluastuiscint na hArdteiste 2016

| | | |
|---|---|---|
| Cuid A<br>Fógra 1<br>Fógra 2 | <br>2m x5<br>2m x4 | <br>10m<br>8m |
| Cuid B<br>Comhrá 1<br>Comhrá 2 | <br>2m x7<br>2m x7 | <br>14m<br>14m |
| Cuid C<br>Píosa 1<br>Píosa 2 | <br>2m x4<br>2m x3 | <br>8m<br>6m |

(-0-3 Cumas Gaeilge)


## Pointí tábhachtacha

- Caithfear na freagraí a thabhairt i nGaeilge
- Tá formhór na marcanna ag dul do thuiscint agus d'eolas
- Is leor freagraí gearra
- Maidir le figiúirí, is cuma más uimhreacha nó focail a chuireann na scoláirí síos
- Muna bhfuil an litriú foirfe, ba cheart go mbeadh litriú Gaeilge ann.
- Bainfear 0 - 3 mharc don chumas Gaeilge

## Ar fáil ar líne

- www.examinations.ie
- www.tuarisc.ie
- Vifax
- http://www.raidionalife.ie/podchraoltai/
- http://www.ceacht.ie/
- www.teg.ie
- http://www.abair.tcd.ie/
- TG4 Foghlaim

## Cur chuige don éisteacht




## Cur chuige don éisteacht - achoimre

Tá tábhacht ag baint le hionchur leathan.

**Caithfear**:

straitéisí éifeachtacha a fhorbairt sna foghlaimeoirí

neart ama a chur ar fáil don éisteacht

an éisteacht bheith mar chuid den obair bhaile

an scil dhúshlánach seo a chleachtadh

ligint do na foghlaimeoirí plé a dhéanamh chun foghlaim óna chéile

## Aidhmeanna na ceardlainne

Tá súil agam go bhfuil tuiscint níos fearr agat ar:

thábhacht scil na héisteachta i bhforbairt scileanna teanga eile agus sa phróiseas sealbhaithe teanga.

na gnéithe éagsúla a bhfuil tionchar acu ar fhorbairt scil na héisteachta.

Cluastuiscint na hArdteistiméireachta

- Go raibh maith agaibh